CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 333/2022

an 9 Nollaig 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn X (Seirbhísí go ginearálta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/1275]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn X a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn X a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 3 (Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   '- **32018 R 1724**: Rialachán (AE) Uimh. 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1).'

2. I bpointe 3 (Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle), cuirtear na hoiriúnuithe seo a leanas isteach tar éis oiriúnú (b):

   '(c) Sa dara mír d'Airteagal 5:

   (i) i bpointe (b), is é 'Chomhaontú LEE' a léifear in ionad na bhfocal 'Dlí an Aontais';

   (ii) i bpointe (g), cuirfear na focail 'Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis an fhocail 'Coimisiún'.

   (d) In Airteagal 9(4), cuirfear na focail, 'Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis an fhocail 'Coimisiún'.'

3. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 4 (Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   '5. **32018 R 1724**: Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena ndéantar tairseach aonair dhigiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1).

   Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

   (a) Tuigfear gur tagairtí do Chomhaontú LEE iad na tagairtí do dhlí an Aontais.

   (b) In Airteagal 1(1), is 'Airteagal 1(2)(a) go (d) de Chomhaontú LEE' a léifear in ionad na bhfocal 'Airteagal 26(2) CFAE'.

   (c) In Airteagal 5(3), cuirfear isteach an fhomhír seo a leanas:

   'A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, déanfaidh an Coimisiún na naisc dá dtagraítear i mír 1 a ghníomhachtú, arna iarraidh sin d'Údarás Faireacháin CSTE.'

   (d) In Airteagal 6(4), cuirfear na focail, 'Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis na bhfocal 'an Coimisiún'.

([1]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 1.

(e) In Airteagal 7(4), cuirfear isteach na fomhíreanna seo a leanas:

'A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, déanfaidh an Coimisiún na naisc dá dtagraítear i mír 3 a ghníomhachtú, arna iarraidh sin d'Údarás Faireacháin CSTE.'

(f) In Airteagal 17, cuirfear isteach an mhír seo a leanas:

'4. A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis, an nós imeachta, nó an tseirbhís cúnaimh nó réitigh fadhbanna de bhun phointe (d) de mhír 2 nó seirbhís cúnaimh nó réitigh fadhbanna de bhun mhír 3 a dhícheangal go sealadach arna iarraidh sin d'Údarás Faireacháin CSTE.'

(g) In Airteagal 25(3) agus (4), cuirfear na focail 'Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis an fhocail 'Coimisiún'.

(h) In Airteagal 29, cuirfear na focail 'ionadaí Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis an fhocail 'Ballstát'.

(i) In Iarscríbhinn I, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, cuirfear na focail 'Cód Custaim an Aontais' isteach in ionad na bhfocal 'reachtaíocht ábhartha'.'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2018/1724 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 10 Nollaig 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Nollaig 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON

* Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.

Dearbhú Comhpháirteach ó na Páirtithe Conarthacha

i gCinneadh Uimh. 333/2022 lena n-ionchorpraítear sa Chomhaontú Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

'Cuid de na réimsí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1724 agus cuid de na nósanna imeachta dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1724, tagann siad lasmuigh de raon feidhme Chomhaontú LEE. Tá ionchorprú an Rialacháin seo gan dochar do raon feidhme Chomhaontú LEE.'